**Achomhairc arna thabhairt an 17 Feabhra 2022 ag Helene Hamers i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) an 21 Nollaig 2021 i gCás T-159/20, Hamers v Cedefop**

**(Cás C-111/22 P)**

(2022/C 222/18)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Helene Hamers (ionadaithe: Vasileios Spiridon Christianos, Alexandros Politis agus Michail Rodopoulos, Dlíodóirí)

*Páirtí eile sna himeachtaí::* An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)

### An t-ordú atá á lorg

— Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2021 a chur ar neamhní go páirteach, i gcás T-159/20, Hemmers v Cedefop, EU:T:2021:913,

— a mhéid is gá, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais,

— a ordú do Cedefop na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

Is é ábhar an bhreithiúnais atá faoi achomharc ná an damáiste a bhain don iarratasóir de dheasca gníomhartha agus neamhghníomhartha Cedefop roimh, le linn agus tar éis imeachta coiriúil náisiúnta a thabhairt chun críche os comhair údaráis bhreithiúnacha na Gréige, a bhaineann le rialtacht agus dlisteanacht dámhachtana conarthaí poiblí ó Cedefop chuig tríú páirtithe sa tréimhse ó 2001 go 2005.

Cuireann an t-achomharcóir dhá fhoras achomhairc i láthair agus áitítear an méid seo a leanas i dtaca leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc:

**Ar an gcéad dul síos,** i míreanna 55 go 61 agus i mír 83, rinneadh earráid dlí maidir le léirmhíniú Airteagal 41(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") toisc, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta ar na míreanna sin, ar thaobh amháin, níor bhain an t-iarratasóir leas as scrúdú neamhchlaonta a rinne Cedefop agus, ar an taobh eile, níor réitigh an cinneadh ó Choiste Achomhairc Cedefop an locht ar chinneadh an 3 Iúil 2019. Ag an am céanna, ar na cúiseanna thuasluaite, níor thug an Chúirt údar cuí do na pointí thuas.

**Ar an dara dul síos,** i mír 65 agus i míreanna 68 go 75 agus 83, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ina léirmhíniú maidir le toimhde na neamhchiontachta ar a raibh an t-iarratasóir ag brath faoi Airteagal 48(1) den Chairt, rud a athneartaíodh mar shárú ar phrionsabal an chomhair dhílis i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontais Eorpaigh. Ag an am céanna, ar na cúiseanna thuasluaite, thug an Chúirt cúiseanna neamhleora leis na pointí thuas.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 28 Feabhra 2022 – LACD GmbH v BB Sport GmbH & Co. KG**

**(Cás C-133/22)**

(2022/C 222/19)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Bundesgerichtshof

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Achomharcóir:* LACD GmbH

*Cosantóir:* BB Sport GmbH & Co. KG

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhféadfadh ceanglais nach mbaineann le comhréireacht de bhun bhrí Airteagail 2(14) de Threoir 2011/83/AE ([1]) nó aon cheanglais eile nach mbaineann le comhréireacht de réir bhrí Airteagal 2(12) de Threoir (AE) 2019/771 ([2]) a bheith ann i gcás ina bhfuil tionchar ar ghealltanas an ráthóra ag imthosca a bhaineann go sainiúil leis an tomhaltóir, go háirithe lena dhearcadh i leith an earra ceannaithe (sá chás seo, a shásta is atá an tomhaltóir leis an earra ceannaithe), gan gá go mbainfeadh na himthosca pearsanta sin le bail nó gnéithe an earra ceannaithe?

2. Má thabharfar freagra dearfach ar Cheist 1:

   An gcaithfear a bheith in ann a fhionnadh nach bhfuil aon cheanglas ann de bhun na n-imthosca a bhaineann go sainiúil leis an tomhaltóir (sa chás seo, a shásta is atá an tomhaltóir leis na hearraí ceannaithe) i bhfianaise imthosca oibiachtúla?

([1]) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2011 L 304, lch. 64).

([2]) Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO 2019 L 136, lch. 28), arna ceartú (IO 2019 L 305, lch. 62 agus IO 2020 L 86, lch 18).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht (an Ghearmáin) an 1 Márta 2022 – MO v SM i gcáil cleachtóir dócmhainneachta shócmhainní G GmbH

**(Cás C-134/22)**

(2022/C 222/20)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesarbeitsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* MO

*Cosantóir:* SM i gcáil cleachtóir dócmhainneachta shócmhainní G GmbH

**An cheist a tharchuirtear:**

Cad é cuspóir an dara fomhír d'Airteagal 2(3) de Threoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, ([1]) lena gceanglaítear ar bhfostóir cóip, ar a laghad, de na heilimintí den chumarsáid scríofa dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, pointe (b), (i) go (v) a tharchur chuig an údarás poiblí inniúil?

([1]) IO 1998, L 225, lch. 16.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Landesverwaltungsgericht Niederösterreich (an Ostair) a taisceadh an 3 Márta 2022 – RE v Bezirkshauptmannschaft Lilienfeld

**(Cás C-155/22)**

(2022/C 222/21)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesverwaltungsgericht Niederösterreich